Polasaí Obair Bhaile

Aidhmeanna

- Chun daingniú a dhéanamh ar obair an ranga.
- Chun scileanna staidéar agus neamhspleáchas a chothú sna páistí.
- Teagmháil idir an baile agus an scoil a chothú.

Cé chomh minic?

- Tugtar obair bhaile gach oíche ach amháin ag an deireadh seachtaine.
- Is féidir oíche saor ón obair bhaile a thabhairt don pháiste má shilinn an múinteoir go bhfuil sé tuillte acu.

Ábhair Obair Bhaile

- Ba chóir go gclúdódh an obair bhaile tascanna léitheoireacht, scríbhneoireacht agus foghlama.
- Tá sé tábhachtach go dtuigeann na páistí agus na tuismitheoirí go bhfuil léitheoireacht agus obair foghlama chomh tábhachtach le h-obair scríofa.
- Is féidir le léitheoireacht, litriú, matamaitic, táblaí, obair scríofa, filíocht, paidreacha, dathú, ag foghlaim de ghlanmheabhair a bheith mar pháirt den obair bhaile.

Treoracha Ama don Obair Bhaile

Naíonáin Bheaga …… 10-15 bomaite.
Naíonáin Mhóra ……. 15-20 bomaite.
Rang 1 & 2……..……. 20-30 bomaite.
Rang 3 & 4…….. 30-40 bomaite.
Rang 5 & 6…….. 40 bomaite & 10 bomaite staidéar.

Tacaíochtaí ó Thuismitheoirí

- Molaimid go n-oibríonn na páistí go neamhspleách, go gcuideoidh na tuismitheoirí leo má tá deacrachtaí acu tríd samplaí agus míniú ach gan an obair a dhéanamh don pháiste.
- Caithfidh dhá chóipleabhair obair bhaile a bheith ag na páistí ó rang a 1 ar aghaidh.
- Ba chóir do thuismitheoirí an obair bhaile a scrúdú agus a chinntiú go bhfuil sé déanta.
- Muna bhfuil an obair bhaile déanta ba chóir nóta a chur chuig an mhúinteoir leis an chás a mhíniú.